Oifigeach Forbartha
Glór na nGael
Meán Fómhair 2021

Post:	Oifigeach Forbartha
Grád:	Oifigeach Feidhmiúcháin
Scála tuarastail	De réir pá scála EOI, Ciorclán 01-08-2021 (£28,706 - £29,307)
Téarma:	Lánaimseartha
Fostaitheoir:	Glór na nGael Teo.
Tuarastal:	Ag brath ar thaithí cuí agus tuarastal reatha an iarrthóra

Litir iarratais & CV
Chuig post@glornangael.ie roimh 5.00i.n., Dé Céadaoin, 28 Meán Fómhair 2021

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge

Teideal: Oifigeach Forbartha
Beidh ról an Oifigigh Forbartha tiomanta don phobal agus bainfidh sé le fás agus forbairt Ghlór na nGael trí straitéis shainmhínithe. Cuirfidh sé/sí an Ghaeilge chun cinn trí imeachtaí comhaontaithe, caidrimh agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar fud na hÉireann.

Láthair an phoist
Bíonn Glór na nGael ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda agus bíonn cúraim uile-oileánda ag gach fostaí dá réir sin. Samhlaítear go mbeidh an iarrthóir rathúil don ról seo lonnaithe sna sé chontae agus/nó i gContae cois teorann cé go mbeidh gá a bheith i láthair in oifigí Ghlór na nGael i Ráth Chairn ó am go ham.
Beidh an té a roghnófar ag obair as a b(h)aile féin agus cuirfear trealamh oifige cuí ar fáil. Aontófar, leis an té a roghnófar, clár timireachta bunaithe ar cheantair tíreolaíochta réamhaontaithe.

Próifíl an phoist
Post forbartha atá i gceist leis an bpost seo. Beidh ar an té a cheapfar ag tabhairt faoi;

- Obair go dlúth le coistí pobail, grúpaí pobail, grúpaí teaghlaigh, comhlachtaí ar spéis leo úsáid na Gaeilge a mhéadú
- Soláthar seirbhísí, comhairle agus cúnamh do ghrúpaí pobail atá ag triail ar aitheantas a bhaint amach, nó atá tar éis é a bhaint amach, mar Líonra Gaeilge, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, Baile Seirbhíse Gaeltachta nó Limistéar Pleanála Teanga
- Forbairt sheirbhísí Glór na nGael
- Forbairt sheirbhísí a bheadh úsáideach do phobal ginearálta na Gaeilge

Is sa Rannóg Forbartha Teaghlaigh a bheidh an post seo lonnaithe, agus ag plé le seirbhísí Teanga Tí, ach d'fhéadfaí é sin athrú ar threoir an Bhoird Stiúrtha

Príomh chúraim

I measc na gcúram a bheifear ag súil go dtabharfaidh Oifigeach Forbartha futhú tá:

- Gréasáin de theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge a fhás agus a fhorbairt
- Comhpháirtíochtaí a fhás agus a fhorbairt i bpobail áitiúla
- Scéimeanna na heagraíochta a chur chun cinn; *Teanga Tí, Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, GRADAIM, Céimeanna*
- Comhpháirtíochtaí a fhás agus a fhorbairt le gnólachtaí áitiúla
- Obair le hOifigigh Forbartha eile le cur chuige uile-Éireann a chinntiú
- Pleananna gníomhaíochta samplacha a réiteach do choistí Ghlór na nGael
- Bheith ar fáil do mholtóireacht náisiúnta Ghlór na nGael agus ar ócáidí náisiúnta eile a thiteann amach ó am go chéile
- Aon chúram eile a cheapfaidh Bord Stiúrtha Ghlór na nGael a bheidh oiriúnach ó am go ham

Riachtanach

Beidh na nithe seo a leanas riachtanach don bpost seo:

- Ardleibhéal Gaeilge scríofa agus labhartha
- Taithí nó cáilíocht sa phleanáil teanga
- Taithí ar obair i dtimpeallacht chomhchosúil/ról in earnáil chomhchosúil
- Solúbthacht
- Fianaise a léiriú go bhfuil cumas smaointe a chruthú agus a thabhairt chun críche agat
- Cáilíocht(aí) ábhartha le do chumas riachtanais an róil a bhaint amach a léiriú
- Bheith in ann obair go héifeachtach laistigh d'fhoireann
- Ceadúnas iomlán/glan tiomána

Inmhianaithe

- Fianaise nó taithí ar chuid de na nithe seo a leanas:
  - scríobh, ag aistriú agus ag profáil cáipéisí
  - scríobh iarratais mhaoinithe
  - láimhseáil buiséid
  - déanamh taighde agus suirbhéanna
  - plé le cúrsaí cumarsáide agus margaíochta
  - cruthú ábhar digiteach agus áiseanna ar líne
  - eagrú agus bainistiú imeachtaí
- Fianaise a léiriú go bhfuil cumas bheith ag obair de réir spriocdhátaí teanna agus faoi bhrú
- Fianaise a léiriú go bhfuil tú muiníneach, féinspreagtha agus dírithe ar spriocanna

Painéal

Tá sé i gceist ag Glór na nGael painéal fostaíochta a chur le chéile do phostanna ag leibhéal Oifigeach Forbartha. De réir mar a thagann folúntais aníos roghnófar fostaithe oiriúnacha ón bpainéal seo agus beidh sé gníomhach go dtí 30/06/2022

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
Ar mhaithe lenár ndualgais a chomhlíonadh faoi RGCS tá sé riachtanach dúinn cúis dleathach a bheith againn do chuid sonraí pearsanta mar a bhaineann sé le d'iarratas a phróiseáil agus a stóráil.

Is cóir don iarrthóir a thuiscint go bhfuil leas dlisteanach ag Glór na nGael faoi reachtaíocht fostaíochta na sonraí seo a choimeád ar feadh tréimhse bliana.

Scriosfar na sonraí pearsanta seo nuair a théann an tréimhse ama sin in éag nó i gcás iarrthóir rathúil, coinnítear na sonraí pearsanta ar thaifead go dtí go gcríochnaíonn fostaíocht an fhostaí leis an eagraíocht.